



An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13606/22

LIMITE

CORLX 925
CFSP/PESC 1342
RELEX 1343
COAFR 267
CONUN 243
COARM 201
FIN 1081

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

1. An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES¹ a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, agus tugtar éifeacht leis do bhearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES.
2. An 30 Meitheamh 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2641 (2022) lena leasaítear na critéir chun daoine agus eintitis a ainmniú le bheith faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i míreanna 9 agus 11 de Rún 1807 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le raon feidhme na hoibleagáide fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le lastais arm agus ábhar gaolmhar do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, nó maidir le haon soláthar cúnaimh theicniúil, maoinithe, bróicéireachta agus seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

¹ IO L 336, 21.12.2010, lch. 30

3. An 14 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CFSP (13601/22). Thíolaic an Coimisiún agus an tArdionadaí togra comhpháirteach le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 (13603/22).
4. An 24 Meán Fómhair 2022, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú maidir leis an dréachtchinneadh agus an dréachtrialachán ón gComhairle.
5. Ar an mbonn sin, iarrtar ar COREPER an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh agus an dréachtrialachán ón gComhairle a dhearbhu;
 - a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a ghlacadh, mar a leagtar amach in 13602/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;
 - a mholadh don Chomhairle an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a ghlacadh mar a leagtar amach in 13605/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.